Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11799/22**

**SOC 466**
**EMPL 309**
**SAN 484**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Evelin TOMSON, comhalta don Eastóin, in ionad Argo SOON, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Argo SOON éirithe as mar chomhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta thuas i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann (don Eastóin).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag eagraíocht na gceardchumann CEC (Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann), don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023:

Evelin TOMSON
Cónaidhm Cheardchumainn na hEastóine
Rúnaí na hEagraíochta
Laulupeo 24
Taillinn 10128
An Eastóin
*Ríomhphost: evelin.tomson@eakl.ee*

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena n-ionadaítear comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), a ghlacadh mar mhír 'A' ar a clár oibre; agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena n-ionadaítear comhalta malartach ar

Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 6 Meitheamh 2019[3] [4] agus an 8 Iúil 2019[5], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

2. Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh ó tharla Argo SOON éirithe as.

3. Tá iarrthóir ainmnithe ag eagraíocht na gceardchumann CEC don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
[2] IO C 135, 11.4.2019, lch. 7.
[3] IO C 195, 11.6.2019, lch. 4.
[4] IO L 156, 13.6.2019, lch. 3.
[5] IO C 232, 10.7.2019, lch. 4.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Evelin TOMSON ina comhalta ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Argo SOON, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, an …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán